
LÍONRA TAISTIL GHNÍOMHAIGH
CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

# Tionscadal Leathnaithe ar Dhroichead an Phointe agus ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh



## AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

**TRÁTHNÓNA EOLAIS**
**Dé Máirt an 18 Meitheamh 4-7i.n.**
**Dé Céadaoin an 19 Meitheamh 4-7i.n.**







## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Léargas ar an Tionscadal
2 Céard atá Molta
3 Na Buntáistí Áitiúla
4 Na Buntáistí Níos Leithne
5 Cur isteach ar an Trácht
6 Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn


## 1 LÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Tá an scéim seo ar cheann de na tionscadail atá á gcur i bhfeidhm mar chuid de Líonra Taistil Ghníomhaigh na Comhairle Contae. Is droichead ardchaighdeáin é Droichead molta an Phointe do choisithe agus rothaithe a bheidh lonnaithe ar an taobh thiar de Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh sa Rinn, Cathair Bhaile Átha Cliath.

Chomh maith leis sin, tá sé molta uasghrádú a dhéanamh ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh, atá ann cheana, trí dheiceanna thuaidh agus theas an droichid a leathnú. Leis na hoibrithe áireofar gnéithe de throscán dheic an droichid amhail bacainní, colúin soilsithe agus soilse tráchta. Áirítear sa scéim foirgneamh rialacháin atá ann cheana a bhaint agus túr rialúcháin nua a thógáil.

**AMLÍNE**

| R2 2024 | R4 2024 | R4 2025 | 2027 |
|---|---|---|---|
| Comhairliúchán Poiblí | Pleanáil | Dearadh Sonrach agus Soláthar Conraitheora | Tógáil na Scéime |

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

## 2 CÉARD ATÁ MOLTA

Áirítear na príomhghnéithe seo a leanas san fhorbairt mholta:

1. **Droichead an Phointe:**
   - Droichead nua do choisithe agus rothaithe a thógáil, thart ar 150 méadar ar fad
   - Beidh cuid oscailte ag Droichead an Phointe a bheidh mar an gcéanna le Droichead Thomáis Uí Chléirigh atá ann cheana
   - Beidh spás ríochta poiblí mar chuid den droichead, ag cur radhairc áille ar fáil d'Abhainn na Life agus de Chathair Bhaile Átha Cliath i dtreo an iarthair

2. **Feabhsuithe ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh:**
   - Leathnú ar réisí feistithe thuaidh agus theas Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh
   - Gnéithe an droichid atá ann cheana a uasghrádú, lena n-áirítear bacainní, colúin soilsithe, agus comharthaí tráchta bóithre agus abhann
   - An foirgneamh rialúcháin atá ann cheana a leagan agus túr rialúcháin nua trí stór a thógáil



Radharc den Leathnú ar Dhroichead Thomáis Uí Chléirigh agus Droichead an Phointe leis an túr rialúcháin molta ó Ché an Phoirt Thuaidh

## 3 NA BUNTÁISTÍ ÁITIÚLA

**Bóithre Níos Sábháilte:**

Cuirfidh an togra seo le sábháilteacht ar bhóithre trí bhealaí taistil ghníomhaigh atá scartha, le sábháilteacht coisithe agus rothaithe a chinntiú

**Taisteal Gníomhach a Spreagadh:**

Spreagfaidh saoráidí feabhsaithe níos mó daoine le siúl nó le rothaíocht a dhéanamh chun na hoibre, na scoile agus go háiteanna fóillíochta sa Rinn, Sráidbhaile an Phointe, agus níos faide i gcéin, lena n-áirítear suíomhanna a bhfuil tóir orthu cosúil le Páirc na Rinne, Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig na mBuachaillí, Calafort Bhaile Átha Cliath agus an 3Arena

**Tarraingt Aeistéitice Fheabhsaithe:**

Cuirfidh an togra le tarraingteacht an cheantair trí shuíocháin agus plandaí a chur feadh an droichid nua, ag cur leis an timpeallacht áitiúil

## 4 NA BUNTÁISTÍ NÍOS LEITHNE

- Slí mhaireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn trí mhodhanna taistil níos gníomhaí a spreagadh
- Pobail éagsúla a thabhairt níos gaire dá chéile trína dhéanamh níos sábháilte le siúl agus rothaíocht a dhéanamh
- Ag tacú leis an timpeallacht trí thruailliú ó charranna a laghdú agus trí bhealaí inbhuanaithe taistil a chur chun cinn



Radharc de Dhroichead an Phointe agus den túr rialúcháin ó Ché Sir John Rogerson

## 5 CUR ISTEACH LE LINN TÓGÁLA

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair thógála in 2027 agus go mairfidh sí thart ar 18 mí. Le linn na tógála, coimeádfar trácht ar Bhóthar an Phoirt Thoir an R131 agus ar Ché an Phoirt Thuaidh, ach amháin do thréimhsí gairide áirithe.

## 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá rannpháirtíocht an phobail á lorg againn maidir leis na moltaí scéime reatha. Más mian leat breathnú ar thuilleadh faisnéise nó aighneacht a dhéanamh chuig CCBÁC maidir leis an tionscadal seo, féach ar na roghanna thíos:

consultation.dublincity.ie (déan é seo a scanadh)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar:
Scéim Dhroichead an Phointe

Oifig Chlár um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach: 01 222 2536

Rabhaidh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: alerts.dublincity.ie

Tá fáil ar na líníochtaí deartha chun breathnú orthu le linn na tréimhse comhairliúcháin ag:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 1, Urlár 0, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08RF3F
- Leabharlann na Rinne, Sráid Mhic Liam, Baile Átha Cliath, D04 Y970
- Leabharlann Mheal Charleville, Meal Charleville, Bóthar na Trá Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 AX99
- www.dublincity.ie/activetravel

## OÍCHE EOLAIS PHOIBLÍ

Tugtar cuireadh do bhaill an phobail teacht isteach le breathnú ar thograí an tionscadail agus bualadh leis an bhfoireann deartha ar siúl in Ionad Pobail na Rinne agus an Bhaile Ghaelaigh, 22 Sráid Chláir Fhada, Baile Átha Cliath 4, D04 Y6V3 ar an **18 Meitheamh 2024 ó 4-7i.n.** agus Ionad Pobail Sean O'Casey, Bóthar Mhuire Thuaidh, An Port Thoir, Baile Átha Cliath, D03 AY74 ar an **19 Meitheamh 2024 ó 4-7i.n.** Tá fáilte roimh chách.

**TAPAIGH AN DEIS LABHARTHA!**